



Dia dhuit!



Dia 's Muire dhuit.



Ce' chaoi bhfuil tú?



Tá me thar cionn, slán a bhéas tú.



Inis dhom fút fhéin.



Is mise Kate Ní Chualáin. Tá me ocht mbliana déag d'aois. Tá me i rang na hArdteiste i mbliana. Is breá liom chuile chinéal spóirt.



Cá gcónaíonn tú?



Tá me i mo chónaí cois fharraige i gCinn Mhara i gcontae na Gaillimhe.



Déan cur síos ar an áit.



Baile beag álainn cois cuain is ea Cinn Mhara. Tá cáil air mar gur ann a bhíonn Féile Chruinniú na mbád chuile shamradh. Tagann go leor turasóirí chuig an mbaile agus bíonn se beo bríomhar ó cheann ceann na bliana.



Inis dhom faoi do mhuintir?



Beirt a'ainn atá sa gclann, me fhéin agus mo dheartháir atá trí bliana níos óige ná me. Feilméara is ea m'athair agus oibríonn mo mháthair páirtaimseartha i gcathair na Gaillimhe. Réitíonn me fhéin agus mo dheartháir an-mhaith lena chéile.



Inis dhom faoi do scoil?



Scoil bheag, meascaí í Coláiste Bhríde atá suite in aice na farraige. Thart ar trí chéad scoláire atá inti agus tá aithne maith againn ar fad ar a chéile. Spóirt, ceol agus drámaíocht na himeachtaí is mó agus 'sé ceoldráma na Nollag buaicphointe na bliana.



Cén t-ábhar is mó agus is lú a thaitníonn leat?



Ceol mo rogha ábhair. Tá múinteoir den scoth a'am agus is breá liom ceol. Cuntasaíocht an t-ábhar is lú a thaitníonn liom. Níl spéis á laghad i gcúrsaí gnó a'am agus cuireann figiúirí thar bharr mo chéille me.



Céard ba mhaith leat a dhéana' tar éis na hardteiste?



Ba mhaith liom céim a bhaint amach sa gceol. Tá an-spéis i gceol a'am agus ba mhaith liom tabhairt faoi cheol a chumadh mé fhéin lá éicint. Ach, níl ansin fós ach brionglóid.



An bhfuil caitheamh aimsire ar bith agat?



Tá, is breá liom bheith ag casadh ceoil nó ag éisteacht le ceol. Níl tada níos fearr liom ná a bheith amuigh faoin aer. Téim ag snámh, ag rothaíocht, ag ritheacht agus ag caigheacáil go rialta.



Cén saghais ceoil a thaitníonn leat?



Is beag cinéal ceoil nach dtabharfainn-hin cluas dhó. Éistim le réimse leathan, ceol claisiceach, snagcheol, ceol tíre agus popcheol ár ndóigh.



An bhfuil suim agat i gcúrsaí spóirt?



Is breá liom spóirt, lúthcheasaíocht agus cispheil ach go háirithe. Tá me ar fhoireann cispheile na scoile i mbliana. agus bíonn me ag rith go rialta leis an gclub lúthcheasaíochta áitiúil.



An raibh jab nó post riamh agat?



Bhí, fuair mé post samhraidh anuraidh mar fhreastalaí san óstán ar an mbaile. Ní raibh an obair róchrúa ach bhíodh an lá oibre sách fada. Thaitnigh se liom a bheith ag bualadh le daoine agus ag inseacht dhóibh faoi mo cheantar álainn fhéin.